Aislingthe do-chonnac-sa

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 21]

1 Aislingthe do chonnacsa
is mé gan chodladh rathrom:
dam nior shásadh codalta
mo cheirtleath do bhuain asam.

2 Atá aithbhear agamsa
ar Chríost ris nár chóir deabhaidh:
mar do scar sé mh’anamsa
riom féin, is mé im beathaidh.

3 Dó féin do ba éigcneasta
sinn do scaradh re chéile;
sinn riamh ’nár lucht éinleaptha
mar do chum an flaith féine.

4 Ní dom dheoin mo dhealachadh -
air seo is fiadha rí nimhe;
gan againn cúis deaghalta
is mairg do dheaghail sinne.

5 Mairg do mhac na fíoróighe
rug an aoinbhean do thoghas
is go raibh ’gár dTríonóidne
mná na cruinne ar a chomas.

6 Ó nár leig mac mórMhuire
di bheith níos sia ’ár n-iomdhaidh
go dtuga sé trócaire
dom anam is dom ionmhain.

7 Do-ghéanainn a marbhnaidh-se
dá léigeadh a grádh dhamsa
dámadh fhearr dá hanmainse
ná guidhe ar son a hanma. A.

8 ..fa mó a dóchais-se
’s ar ndóchaisne re fada
..................óghMhuire
inghean Iaichim is Anna. Aislingthe.